


An
Bord
Pleanála

Tuairim a thabhairt ar iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh

Nollaig 2021



Maidir leis an treoir seo

Insíonn an treoir seo duit conas do thuairimí scríofa ar iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh a thabhairt don Bhord Pleanála. Nuair a thugann tú do thuairim, deirtear go bhfuil tuairim á tabhairt agat nó aighneacht á déanamh agat. Úsáidfean an téarma tuairim sa treoir seo a chabhróidh leat tuairim bhailí a thabhairt ar iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh. [Gheofar eolas ginearálta ar chásanna Forbartha Bonneagair Straitéisigh inár Forbairtí Bonneagair Straitéisigh: Do Threoir a léamh ar dtús.](#)

Is mar eolas ginearálta, cúnamh agus treoir amháin a fhoilsítear an treoir seo. Ní léirmhíniú dlíthiúil é ar an reachtaíocht. Ní mór do léitheoirí cloí leis an bhforáil reachtúil a bhaineann lena gcás féin, agus comhairle a fháil ó shaineolaí más gá.

Cosaint Sonraí

Ní úsáideann an Bord Pleanála do shonraí pearsanta ach amháin chun ár seirbhísí a sholáthar agus ár ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh. Scaipfean na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil ar pháirtithe eile lena mbaineann agus beidh siad ar fáil don phobal maidir le haon tsaincheist a chuirtear faoi bhráid an Bhoird Pleanála.

Gheofar gach ráiteas beartais dár gcuid ar chosaint sonraí ag www.pleanala.ie.

Clár

Maidir leis an treoir seo	2
Clár	3
Téarmaí	5
Sula dtugann tú tuairim	8
Cad is forbairt bonneagair straitéisigh ann?	8
Conas a bheidh a fhios agam go ndearnadh iarratas?	8
Cá bhfaighidh mé cóipeanna den iarratas nó cá háit is féidir é a fheiceáil?	9
An féidir liom féachaint ar chóipeanna den chomhairliúchán réamhiarratais nó iad a fháil?	10
Cá mhéad ama atá agam le tuairim a chur isteach?	11
Cá mhéad ama atá agam le tuairim a thabhairt?	11
An féidir tuairim dhéanach a thabhairt?	12
Cá mhéad a chosnaíonn sé tuairim a thabhairt?	13
Cá mhéad a chosnaíonn sé tuairim a thabhairt?	13
Conas is féidir liom íoc as tuairim a thabhairt?	13
Tuairim a thabhairt	14
Cad is gá dom a dhéanamh chun tuairim bhailí a thabhairt?	14
Seol do thuairim chugainn ar líne	15
Conas a ullmhaím doiciméad tuairime?	15
Cad a bheith uaim chun an tuairim a uaslódáil ar líne?	16
Conas a úsáidim an t-uaslódálaí?	16
Cá fhad a bheidh agam leis an uaslódáil a dhéanamh?	19
An íocaim an táille nuair a uaslódáim an doiciméad?	19
An féidir liom an doiciméad a uaslódáil agus an táille a íoc níos déanaí?	19
An gá dom an t-uaslódálaí a úsáid chun tuairim a thabhairt?	19
An féidir an t-uaslódálaí a úsáid chun mo thuairim a chur isteach agus na hábhair thacaíochta a chur isteach leis an bpost?	19
An féidir liom an t-uaslódálaí a úsáid agus cóip páipéir den tuairim chéanna a chur isteach leis an bpost?	19
Tá fadhb agam leis an uaslódálaí? Cé léi nó leis ar chóir dom labhairt?	20
An ndéanfaidh tú teagmháil liom le linn an phróisis iarratais trí ríomphost?	20
Tuairim a sheoladh chugainn leis an bpost nó í a thabhairt isteach go pearsanta	21
Cad é an seoladh don tuairim?	21
An bhfaighidh mé admháil má thugaim an tuairim do dhuine san oifig?	21
An bhfaighidh mé admháil má sheolaim an tuairim leis an bpost?	22

Éisteachtaí ó Bhéal	23
An dtionólfar éisteacht ó bhéal nó cruinniú faoin gcás?	23
An féidir liom éisteacht ó bhéal nó cruinniú a iarraidh?	23
Má thionóltar éisteacht ó bhéal agus murar thug mé tuairim sa tréimhse a cheadaítear chun tuairimí a thabhairt, an féidir liom labhairt ag an éisteacht ó bhéal?	24
Tar éis do thuairim a thabhairt.....	25
An bhfuil mo thuairim bailí nó neamhbhailí?.....	25
Céard é an chéad rud eile a dhéanaim más tuairim bhailí é?	25
Cad a tharlaíonn i gcás tuairim neamhbhailí?	25
Cén fáth gur tuairim neamhbhailí í mo thuairim?.....	25
Cad é an chéad rud eile a dhéanann an Bord Pleanála?	26
Cad é an teorainn ama chun iarratais a chinneadh?	26
Ceisteanna Coitianta.....	28
Reachtaíocht.....	30
Déan teagmháil linn	30

Téarmaí

Téarmaí a úsáidtear sa treoir seo:

Acht	Dlí atá achtaithe ag an Oireachtas (parlaimint) agus ceadaithe ag an Uachtarán.
Gníomhaire	Duine a ghníomhaíonn ar do shon in achomharc, iarratas nó tarchur.
Bord	Bord an Bhoird Pleanála.
Tuarascáil ar mheasúnacht tionchair Timpeallachta (TMTT)	Cáipéis a ullmhaíonn iarratasóir ina ndéantar measúnú ar an tionchar is dócha a bheidh ag an fhorbairt bheartaithe ar an gcomhshaol.
Neamhbhailí	Ní chomhlíonann sé ceanglais uile an dlí agus na rialachán le go mbreithneofaí mar chás é.
Taiscthe, a Thaisceadh	Rud éigin a thabhairt nó a chur isteach chuig an mBord Pleanála.
Ráiteas tionchair natura (RTN)	Cáipéis a ullmhaíonn iarratasóir ina ndéantar measúnú ar an tionchar is dócha a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol.
Tuairim	Doicméad a chuireann Duine a thugann Tuairim isteach (féach Aighneacht freisin).
Duine a Thugann Tuairim (Iarratais)	Duine ar bith, taobh amuigh den iarratasóir, a thráchtann ar an iarratas.

Éisteacht ó bhéal	Is cruinniú é éisteacht ó bhéal ag ar féidir gach saincheist i gcás a phlé agus a scrúdú.
Ár	An Bord Pleanála.
Údarás pleanála	An t-údarás áitiúil – comhairle contae, comhairle cathrach, nó comhairle contae agus cathrach – atá freagrach as pleanáil ina cheantar.
Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000: Achtanna um Pleanáil agus Forbairt (leasaithe)	Acht den Oireachtas a achtaíodh in 2000 maidir le nithe a rialaíonn córas pleanála na hÉireann. Rinneadh codanna d’Acht 2000 a athrú nó a leasú le roinnt Achtanna eile. Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2018 a thugtar orthu seo in éineacht.
Comhlacht forordaithe	Eagraíocht nó comhlacht atá sonraithe i rialacháin a rinne an tAire.
Rochtain an phobail	Tar éis cás a chinneadh, is féidir leat féachaint ar chomhad an cháis chinnte trí lá tar éis an chinnidh. Rochtain an phobail a thugtar air seo.
Rialacháin	Dlí nó rialacha a rinneadh faoi Acht nó uaireanta faoi ordú Aire Rialtais.
Scóip	Nós imeachta roghnach a fhaightear i dtreoracha AE is ea scóip. Cumasaíonn scópáil d’iarratasóirí ionchasacha iarraidh ar an údarás toilithe (mar shampla: An Bord Pleanála) chun tuairim i scríbhinn a thabhairt ar an bhfaisnéis a bheidh ag teastáil i dtuarascáil measúnaithe tionchair timpeallachta (EIAR) nó i Ráiteas Tionchair Natura (NIS) maidir le forbairt bheartaithe.

Scagadh	Nós imeachta roghnach is ea scagadh mar ar féidir leis an iarratasóir ionchasach cinneadh maidir le scóipeáil Measúnú Oiriúnachta (MO) a iarraidh ar an mBord Pleanála maidir le forbairt bheartaithe.
Reachtúil	Rud éigin a shocraítear, a bhunaítear nó a rialaítear le dlí reachtach. Dlí a achtaíonn an tOireachtas (an pharlaimint) is ea an dlí reachtach.
Riachtanais reachtúla	Ceanglais a theastaíonn faoin dlí maidir le: <ul style="list-style-type: none"> • cás, tuairim, aighneacht nó iarraidh a bheith bailí, nó • gníomh nó nós imeachta éigin le déanamh le linn cás a phróiseáil.
Forbairt bonneagair straitéisigh (FBS)	Seoltar iarratais ar chead pleanála go díreach chuig an mBord Pleanála i gcás mórforbairtí bonneagair de chuid údaráis áitiúil, údaráis Stáit agus na hearnála príobháidí.
Aighneacht	Doiciméad maidir le hachomharc nó iarratas a bhféadfadh míreanna tacaíochta ar nós grianghraf, pleananna, líníochtaí agus treoir theicniúil a bheith san áireamh ann. (Is féidir doiciméad clóscríofa nó lámhscríofa a chur ar fáil.)
Bailí	Comhlíonann sé ceanglais uile an dlí agus na rialachán le go mbreithneofaí é.
Muid	An Bord Pleanála.
Sinn	An Bord Pleanála.
Tusa	Tusa mar dhuine, cuideachta, grúpa, eagraíocht nó údarás Stáit.

Sula dtugann tú tuairim

Cad is forbairt bonneagair straitéisigh ann?

Is é an Bord Pleanála an comhlacht náisiúnta a dhéanann cinneadh cead a thabhairt nó cead a dhiúltú do mhórtionscadail bhonneagair atá tábhachtach d'Éirinn, don réigiún nó don cheantar áitiúil. I measc na samplaí tá mótarbhealaí, línte iarnróid, píblínte, calafoirt nó saoraidí móra mar ospidéal. Tugtar **Forbairtí Bonneagair Straitéisigh** ar na hiarratais bhonneagair seo.

Cuimsíonn Forbairtí Bonneagair Straitéisigh forbairt:

- a chuirfeadh go mór le haon cheann de chuspóirí an Chreata Pleanála Náisiúnta a chomhlíonadh, nó
- a chuirfeadh go mór le haon straitéis spásúil agus eacnamaíoch réigiúnach do limistéar a chomhlíonadh, nó
- beidh éifeacht shuntasach acu ar réimse níos mó ná údarás pleanála amháin.

Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoin bpróiseas Forbartha Bonneagair

[Straitéisigh inár Forbairtí Bonneagair Straitéisigh: Do Threoir.](#)

Conas a bheidh a fhios agam go ndearnadh iarratas?

Sula ndéanfaidh sé iarratas chuig an mBord Pleanála, ní mór don iarratasóir ionchasach fógra faoin iarratas beartaithe a fhoilsiú i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear sa limistéar ina bhfuil an fhorbairt bheartaithe le lonnú.

I bhformhór na gcásanna, beidh fógraí suímh ag teastáil freisin. Déanfaidh na fógraí seo:

- ainm an iarratasóra a thabhairt,
- sonraí faoi nádúr agus suíomh na forbartha beartaithe a thabhairt,
- a rá cibé an gá Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) ag teastáil agus an bhfuil ceann ullmhaithe ag an iarratasóir,

- a rá cibé an gá Ráiteas Tionchair Natura (NIS) agus an bhfuil ceann ullmhaithe ag an iarratasóir,
- na hamanna agus na háiteanna inar féidir an t-iarratas, EIAR nó NIS a fheiceáil agus cóipeanna a cheannach a thabhairt,
- a rá cibé an gá iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chead nó formheas pleanála ag brath ar an gcineál cáis,
- a rá cad iad na cineálacha cinntí is féidir leis an mBord a dhéanamh,
- a rá gur féidir leis an bpobal tuairimí a thabhairt don Bhord Pleanála ar an bhforbairt bheartaithe (tabharfar sé seachtaine ar a laghad chuige sin), agus
- a rá gur féidir le comhlachtaí forordaithe tuairimí a thabhairt don Bhord Pleanála ar an iarratas beartaithe.

Foilseoidh an Bord Pleanála sonraí an iarratais a fuaireamar sa liosta seachtainiúil de chásanna nua ar ár suíomh gréasáin.

Cá bhfaighidh mé cóipeanna den iarratas nó cá háit is féidir é a fheiceáil?

Tá dhá shlí le cóipeanna d.iarratas a fheiceáil nó a fháil.

Suíomh Gréasáin an Iarratasóra

Ní mór don iarratasóir láithreán gréasáin a chur ar fáil mar ar féidir féachaint ar an iarratas. Gheobhaidh tú seoladh an láithreáin ghréasáin ar an bhfógra nuachtáin **agus** ar an bhfógra láithreáin. Tabharfaidh na fógraí eolas don phobal ar an tslí le tuairim a thabhairt don Bhord Pleanála i dtaobh iarratais.

Cóipeanna crua ag oifig an Bhoird Pleanála agus in oifig an údaráis pleanála áitiúil

Caithfidh an t-iarratasóir cóipeanna páipéir den iarratas a thabhairt don Bhord Pleanála agus don údarás pleanála áitiúil agus bíonn siad ar fáil lena léamh ar feadh **sé seachtaine** ar a laghad. Is féidir féachaint ar na hiarratais in oifig an Bhoird Pleanála agus in oifig an údaráis pleanála áitiúil. Má tá an fhorbairt i níos mó ná limistéar údaráis phleanála amháin, beidh cóipeanna den iarratas ar fáil i ngach údarás pleanála áitiúil. Beidh na doiciméid ar fáil le léamh saor in aisce. Nó is féidir cóip den iarratas a cheannach ar tháille réasúnta ag brath ar líon agus leagan amach na leathanach sna doiciméid iarratais.

Má chuirtear Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (EIAR) isteach leis an iarratas, is féidir féachaint air agus cóip de a cheannach ag oifig an Bhoird Pleanála agus in oifig an údaráis pleanála.

An féidir liom féachaint ar chóipeanna den chomhairliúchán réamhiarratais nó iad a fháil?

Is féidir. Beidh comhaid an chomhairliúcháin réamhiarratais nó an cháis scóipe ar fáil nuair a bheidh an cás socraithe ag an mBord.

[Is féidir leat na cáschomhaid chinnte seo a léamh trínár seirbhís rochtana poiblí.](#)

Beidh cuntas sa cháschomhad d'aon chruinniú idir An Bord Pleanála agus an t-iarratasóir ionchasach a thionóltar le linn an phróisis chomhairliúcháin réamhiarratais.

Cá mhéad ama atá agam le tuairim a chur isteach?

Cá mhéad ama atá agam le tuairim a thabhairt?

Más mian leat tuairim a thabhairt, ní mór duit é seo a dhéanamh **laistigh** den tréimhse shonraithe ó dháta an fhógra a d'fhoilsigh an t-iarratasóir. De ghnáth bíonn an tréimhse seo sé seachtaine ar a laghad ach ní mór duit an tréimhse shonraithe a sheiceáil go cúramach.

Ba mhaith leat tuairim a thabhairt ar iarratas ar fhorbairt bheartaithe do stáisiún iarnróid.

Is é an teorainn ama a shonraítear ná **6 seachtaine** don iarratas seo ó dháta an fhógra.

Sampla

Foilsítear an fógra poiblí **Dé hAoine 1 Meitheamh**, mar sin is é **Déardaoin 12 Iúil** an lá deiridh le do thuairim a fháil, roimh 5.30 san iarnóin.

Ba mhaith leat tuairim a thabhairt ar iarratas ar fhorbairt bheartaithe do shreang tarchuir leictreachais.

Is é an teorainn ama a shonraítear ná **6 seachtaine** don iarratas seo ó dháta an fhógra.

Sampla

Foilsítear an fógra poiblí **Dé hAoine 19 Meán Fómhair**, mar sin is é **Dé Máirt 30 Deireadh Fómhair** an lá deiridh le do thuairim a fháil, roimh 5.30 san iarnóin.

Tá rialacha difriúla ann mar gheall teorainneacha ama idir an 24 Nollaig agus 1 Eanáir (agus an dá dháta san áireamh) ar féidir leo difríocht a dhéanamh don dáta deiridh.

An féidir tuairim dhéanach a thabhairt?

Ní féidir. Tá toirmeasc dlí ar an mBord Pleanála glacadh le tuairim dhéanach ar chúis ar bith.

Cá mhéad a chosnaíonn sé tuairim a thabhairt?

Cá mhéad a chosnaíonn sé tuairim a thabhairt?

€50 a chosnaíonn sé tuairim a thabhairt. Más comhlacht forordaithe, thú, ní ghearrfar aon táille.

Conas is féidir liom íoc as tuairim a thabhairt?

Tá modhanna éagsúla ann chun táille a íoc leis an mBord Pleanála.

	Ag an deasc fáilte	Leis an bpost	Ar líne leis an uaslódálaí
Airgead tirim	✓ Glactar leo	Ní mholtar duit airgead tirim a chur chugainn riamh leis an bpost.	✗ Ní ghlactar leo
Cártaí Dochair agus Creidmheasa	✓ Glactar leo	✗ Ní ghlactar leo	✓ Glactar leo
Seiceanna	✓ Glactar leo	✓ Glactar leo	✗ Ní ghlactar leo
Dréachtaí baincéara	✓ Glactar leo	✓ Glactar leo	✗ Ní ghlactar leo
Orduithe poist	✓ Glactar leo	✓ Glactar leo	✗ Ní ghlactar leo

*Tabhair ar aird nach nglacaimid le híocaíochtaí cárta creidmheasa nó dochair ar an bhfón.

Gheofar tuilleadh sonraí sa Treoir do Tháillí agus Muirir agus faoi conas is féidir leat táillí a íoc ar ár suíomh Gréasáin.

Tuairim a thabhairt

Cad is gá dom a dhéanamh chun tuairim bhailí a thabhairt?

Ba chóir duit forais do thuairime (na cúiseanna agus na hargóintí) agus aon mhír is mian leat a chur ar fáil a ullmhú go cúramach. **Ní bheidh** cead agat aon rud eile a chur isteach tar éis an tuairim a thabhairt, ach amháin má iarraidimid ort. **Ní féidir** leis an mBord Pleanála aon saincheist a chur san áireamh nach saincheist phleanála í.

Chun tuairim bhailí a thabhairt, ní mór duit:

✓	do thuairim a thabhairt i scríbhinn (clóscríofa nó lámhscríofa)
✓	Ní mór duit d’ainm agus do sheoladh poist a scríobh go soiléir. Más gníomhaire atá ag tabhairt na tuairime ar do shon, ní mór don ghníomhaire a ainm agus a sheoladh a thabhairt mar aon le d’ainmse agus do sheoladh poist.
✓	dóthain mionsonraí a thabhairt le gur féidir an t-iarratas is ábhar don tuairim a aithint gan dua. Seo samplaí de na mionsonraí a nglacaimid leo: <ul style="list-style-type: none">• ainm agus suíomh an iarratais (mar shampla: Tionscadal Chearnóg an Bhaile, An Phríomhshráid, Baile an Bhaile, Co. an Bhaile) nó• uimhir thagartha an Bhoird Pleanála don iarratas (mar shampla: ABP-300000-20).
✓	na rudaí seo a leanas a thabhairt dúinn: <ul style="list-style-type: none">• na forais phleanála le do thuairim (cúisanna agus argóintí), agus• aon mhír eile is mian leat a chur leis chun tacú le forais do thuairime.
✓	féachaint chuige go bhfaigheann an Bord Pleanála an tuairim laistigh den tréimhse ama a thugtar san fhógra poiblí faoin iarratas.
✓	an táille cheart de €50 a íoc (ach amháin más comhlacht forordaithe tú).
✓	do thuairim in am agus laistigh den tréimhse ama shonraithe.

Seol do thuairim chugainn ar líne

An tslí is tapúla agus is fusa le do thuairim a sheol chugainn ná ar líne. Úsáid ár n-áis uaslódálaí ar líne ag: <https://online.pleanala.ie/ga-ie/sid/observation>

Is féidir leat do tháille a íoc ar líne tríd an áis uaslódálaí ar líne. Tar éis do thuairim a sheoladh chun bealaigh, gheobhaidh tú ríomhphost admhála go bhfuaireamar í.



Ní mó duit do thuairim a bheith **criochnaithe** agat agus é sábháilte agat mar dhoiciméad Microsoft Word nó PDF, chun an áis uaslódálaí ar líne a úsáid. Ní dhéantar an tuairim ar do shon san áis uaslódálaí ar líne.

Conas a ullmháim doiciméad tuairime?

Is féidir leat do thuairim a ullmhú tríd an **bhfoirm tuairime** a úsáid nó trí do thuairim a scríobh agus ansin í a shábháil mar dhoiciméad Microsoft Word nó mar PDF. Má tá tuairim lámhscríofa le tabhairt agat, ní mór duit í a scanadh agus a shábháil mar PDF. Ní féidir ach doiciméad **amháin** a uaslódáil ar líne. (Is é uasmhéid an chomhaid don doiciméad ná 30MB). Ainmnigh do dhoiciméad ar cheann amháin den dá shlí seo:

Slíte le doiciméad a ainmniú	Sampla
Cásuimhir agus d'ainm	300000 – Ann Duine
Ainm agus suíomh na forbartha agus d'ainm.	Tionscadal Chearnóg an Bhaile, Baile an Bhaile – John Murphy

Leid: Bí cinnte nach gcuireann tú lánstad ag deireadh ainm do dhoiciméid (.).

Cad a bheith uaim chun an tuairim a uaslódáil ar líne?

Má úsáideann tú an áis uaslódálaí ar líne, beidh

✓	seoladh ríomphoist uait chun ríomhphost admhála a fháil le taispeáint go bhfuaireamar do thuairim.
✓	do thuairim a bheith sábháilte mar dhoiciméad Microsoft Word nó PDF. (Is é uasmhéid an chomhaid don doiciméad ná 30MB).
✓	sonraí an iarratais ar mian leat tuairim a thabhairt air. Seo hiad na sonraí a nglacann an t-uaslódálaí leo: uimhir thagartha an Bhoird Pleanála don iarratas. (mar shampla: 300000), nó ainm agus suíomh na forbartha beartaithe san iarratas (mar shampla: Tionscadal Chearnóg an Bhaile, An Phríomhshráid, Baile an Bhaile, Co. an Bhaile).
✓	cárta sochair nó creidmheasa a bheith agat lenar féidir an táille cheart a íoc.

Conas a úsáidim an t-uaslódálaí?

Chun an t-uaslódálaí a úsáid, gabh chuig <https://online.pleanala.ie/ga-ie/sid/observation>.

Ar an uaslódálaí, tabharfar thú trí na leathanaigh / céimeanna is gá chun do dhoiciméad a uaslódáil.

Seo an chéad leathanach den uaslódálaí



An Bord Pleanála

Tuairim ar Iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh: Áis Uaslódála ar Líne

- 1 Sula dtosaíonn tú
- 2 Cuir sonraí do thuairime leis
- 3 Cuir isteach do shonraí teagmhála
- 4 Ioc agus críochnaigh
- 5 Deimhniú

Sula dtosaíonn tú

Ba chóir duit ár dtreoir "[Tuairim a thabhairt ar Iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh](#)" a léamh. Cabhróidh sé leat do thuairim a chur i bhfocail agus a bheith cinnte go bhfuil gach eolas is gá chun tuairim bhaíil a chur isteach tugtha agat. Cinntigh go bhfuil do dhoiciméad tuairime uillamh agat le huaslódáil mar aon le sonraí do chárta locaíochta.

[AR AGHAIDH →](#)

Lch 1	Tús eolais
Lch 2	<p>Ar bharr an leathanaigh seo, ní mór duit na rudaí seo a leanas a thabhairt:</p> <p>uimhir thagartha an Bhoird Pleanála don iarratas, nó ainm agus suíomh na forbartha beartaithe san iarratas.</p> <p>Sa chuid íochtarach den leathanach seo, ceangail do thuairim. Is féidir do thuairim a uaslódáil agus a cheangal sa bhosca liath trí chliceáil ar an gcnaipe:</p> <p>Roghnaigh do dhoiciméad</p> <p>Feicfear an tuairim sa bhosca liath, tar éis í a uaslódáil.</p> <p>300000 Ann Duine.pdf — 6.5 KB ✕</p>

<p>Lch 3</p>	<p>Ar an leathanach caithfidh tú na nithe seo a leanas a thabhairt: d'ainm, agus</p> <p>do sheoladh ríomhphoist sa dá bhosca ar leith le bheith cinnte go bhfuil an seoladh ríomhphoist ceart againn duit.</p> <p>Más gníomhaire thú atá ag uaslódáil tuairim ar son cliaint, ní mór duit d'ainm agus do sheoladh ríomhphoist féin a thabhairt.</p>
<p>Lch 4</p>	<p>Ar an leathanach seo, iarrfar ort an bhfuil tú réidh leis an tuairim a thabhairt:</p> <p>Má tá, tabharfar thú go dtí an roinn íocaíochtaí chun an táille a íoc.</p> <p>Mura bhfuil, tabharfar ar ais thú le hathruithe a dhéanamh.</p> <p>Iarrfaidh an roinn íocaíochtaí ort an táille cheart a roghnú: Tuairim – €50</p> <p>Iarrfar ort ansin do shonraí cárta creidmheasa nó dochair a thabhairt. Seiceáil na sonraí go cúramach agus tú á gcur isteach.</p> <p>Nuair a bheidh tú reidh, cliceáil ar Pay and finish agus seolfar do thuairim isteach.</p>
<p>Lch 5</p>	<p>Feicfidh tú scáileán Deimhnithe má éiríonn leat an tuairim a uaslódáil.</p> <p>Gheobhaidh tú admháil i ríomhphost le taispeáint go bhfuaireamar do thuairim. Má tá aon fhadhb leis, lean na treoracha ar an scáileán.</p>

Cá fhad a bheidh agam leis an uaslódáil a dhéanamh?

Níl **aon teorainn ama** ann chun an tuairim a uaslódáil. Mar sin féin, má dhúnann tú an leathanach agus má fhágann tú an próiseas, beidh ort tosú arís as an nua.

An íocaím an táille nuair a uaslódáim an doiciméad?

Íocann. Beidh cárta sochair nó creidmheasa uait leis an táille cheart a íoc. Féach chuige go bhfuil dóthain airgid i do chuntas de bhrí go mbainfear an íocaíocht ag an am céanna agus a uaslódálann tú do dhoiciméad.

An féidir liom an doiciméad a uaslódáil agus an táille a íoc níos déanaí?

Ní féidir. Má úsáideann tú an uaslódálaí, caithfidh tú íoc le cárta dochair nó creidmheasa. Más mian leat an táille a íoc ar aon slí eile, ní mór duit: do thuairim a chur chugainn leis an bpost, nó do thuairim a thabhairt do bhall foirne inár n-oifig.

An gá dom an t-uaslódálaí a úsáid chun tuairim a thabhairt?

Ní gá. Is féidir tuairim a chur chugainn leis an bpost nó é a thabhairt do bhall dár bhfoireann inár n-oifig. Gheofar tuilleadh sonraí ar leathanach 21.

An féidir an t-uaslódálaí a úsáid chun mo thuairim a chur isteach agus na hábhair thacaíochta a chur isteach leis an bpost?

Ní féidir. Más mian leat ábhair thacaíochta ar nós grianghraif chlóite, líníochtaí páipéir nó DVDanna a chur isteach mar chuid de do thuairim, ní mór duit an tuairim a chur chugainn leis an bpost nó í a thabhairt do bhall foirne inár n-oifig.

An féidir liom an t-uaslódálaí a úsáid agus cóip páipéir den tuairim chéanna a chur isteach leis an bpost?

Ní féidir. Ná húsáid ach modh **amháin** chun do thuairim a chur isteach, ar líne tríd an uaslódálaí **nó** i bpáipéar (leis an bpost nó go pearsanta san oifig).

Tá fadhb agam leis an uaslódálaí? Cé léi nó leis ar chóir dom labhairt?

Má tá fadhb agat leis an uaslódála, seol ríomhphost chuig an deasc chabhrach ag onlinesupport@pleanala.ie

An ndéanfaidh tú teagmháil liom le linn an phróisis iarratais trí ríomhphost?

Ní dhéanfaidh. Cuirfimid litir chugat leis an bpost le linn an phróisis iarratais. Ní bhfaighidh tú ríomhphost uainn ach amháin le taispeáint go bhfuaireamar do dhoiciméad tuairime.

Tuairim a sheoladh chugainn leis an bpost nó í a thabhairt isteach go pearsanta

Cad é an seoladh don tuairim?

Ní mór duit:

- é a chur leis an bpost chuig:

An Rúnaí, An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1, D01 V902



nó

- é a thabhairt do bhall d'fhoireann An Bhoird Pleanála ag ár n-oifig i Sráid Mhaoilbhríde (seoladh thuas) le linn uaireanta oifige - Ó Luan go hAoine, óna 9.15 ar maidin go dtí 5.30 tráthnóna. Ní féidir leis an bhfoireann slándála san oifig glacadh le tuairimí.



Ní féidir an tuairim a chur i mbosca litreacha na hoifige **ná** a sheoladh chugainn le ríomhphost; má dhéanann, tuairim **neamhbhailí** a bheidh ann.

Bíonn an oifig dúnta ag an deireadh seachtaine, ar laethanta saoire phoiblí agus ar laethanta fógartha eile amhail Lá Nollag agus Aoine an Chéasta.

An bhfaighidh mé admháil má thugaim an tuairim do dhuine san oifig?

Gheobhaidh. Má thugann tú do thuairim go dtí an oifig is féidir **admháil** a iarraidh, a déarfaidh go bhfuarthas do thuairim san oifig. Nuair a thugann tú do thuairim do bhall d'fhoireann an Bhoird Pleanála, ní féidir é a thabhairt ar ais duit ná fótachóip a dhéanamh de do dhoiciméid agus stampa dáta orthu. **Ní** deimhniú é an admháil seo gur tuairim bhailí í. Scríobhfaimid chugat taobh amuigh den admháil le rá leat cibé an bhfuil do thuairim bailí nó neamhbhailí.

An bhfaighidh mé admháil má sheolaim an tuairim leis an bpost?

Gheobhaidh tú admháil uainn leis an bpost.

Éisteachtaí ó Bhéal

An dtionólfar éisteacht ó bhéal nó cruinniú faoin gcás?

Tionólfar. Tá an chumhacht ag an mBord éisteacht ó bhéal a thionól ar iarratas nó in éagmais iarratais. I gcásanna áirithe, féadfaidh an Bord a mheas gur féidir na saincheisteanna a bhaineann leis an gcás a mheas go leordhóthanach agus go hiomchuí trí thuairimí agus aighneachtaí i scríbhinn. Féadfaidh an Bord a chinneadh freisin go ndéanfar éisteacht ó bhéal “clár oibre teoranta” a thionól, i ngeall ar na saincheisteanna atá i gceist san fhorbairt bheartaithe. Rachfar i dteagmháil leat faoin éisteacht ó bhéal má chinneann an Bord éisteacht ó bhéal a reáchtáil.

Féadfaidh an Bord cruinniú a thionól leis an iarratasóir nó le haon duine eile a mheasann an Bord a bhfuil faisnéis ábhartha aige faoin gcás. Féadfaidh an Bord a chinneadh éisteacht ó bhéal agus cruinniú/cruinnithe a thionól sa chás céanna.. Is féidir cruinniú a ghairm agus a thionól roimh éisteacht ó bhéal nó dá éis.

An féidir liom éisteacht ó bhéal nó cruinniú a iarraidh?

Is féidir. Féadfaidh an t-iarratasóir agus aon duine a thugann tuairim don Bhord Pleanála faoin iarratas éisteacht ó bhéal a iarraidh. Má d’íoc tú an táille iarratais nó an táille € 50 chun tuairim a thabhairt, níl aon táille bhreise ann chun éisteacht ó bhéal a iarraidh. An Bord amháin a fhéadann cruinniú a ghairm. Ní féidir le hiarratasóir nó le duine a thugann tuairim cruinniú a iarraidh.

Tá cinneadh déanta ag an mBord gan éisteacht ó bhéal a thionól Cad is gá dom a dhéanamh?

Scríobhfaimid chugat le sonraí na héisteachta ó bhéal agus gheobhaidh tú cuireadh a bheith i láthair. Léigh an litir sin go cúramach. Seolfar an litir chugat cúig lá ar a laghad sula dtosóidh an éisteacht ó bhéala. Nuair a bheidh an éisteacht ó bhéal socraithe, foilseofar na mionsonraí ar ár suíomh gréasáin. Gheofar tuilleadh eolais i dtaobh éisteachtaí ó bhéal inár [dtreoir d'éisteachtaí ó bhéal](#).

Má thionóltar éisteacht ó bhéal agus murar thug mé tuairim sa tréimhse a cheadaítear chun tuairimí a thabhairt, an féidir liom labhairt ag an éisteacht ó bhéal?

Is féidir, ach níl aon cheart uathoibríoch ann. Tá sé de chumhacht ag an gcigire atá i gceannas ar an éisteacht ó bhéal éisteacht a thabhairt do dhuine nár thug tuairim don Bhord Pleanála. Féadfaidh an cigire a mheas gur cuí ar mhaithe le ceartas ligean don duine éisteacht a fháil. Má cheadaítear duit tuairim a thabhairt ag an éisteacht ó bhéal, **caithfidh tú** an táille tuairime €50 a íoc.

Tá cinneadh déanta ag an mBord gan éisteacht ó bhéal a thionól. Cad a tharlóidh anois?

Má tá cinneadh déanta ag an mBord gan éisteacht ó bhéal a thionól, breithneoidh an cigire an t-iarratas, gach doiciméad ar an gcás agus tabharfaidh sé cuairt ar an láithreán de ghnáth. Tar éis an éisteacht ó bhéal a chríochnú, ullmhaíonn an cigire tuarascáil agus moladh don Bhord.

Tar éis do thuairim a thabhairt

An bhfuil mo thuairim bailí nó neamhbhailí?

Tar éis do thuairim a fháil, seiceálfaimid é féachaint an gcomhlíonann na riachtanais reachtúla chun tuairim bhailí a dhéanamh. Mura gcomhlíonann, beidh sé neamhbhailí. An chéad rud eile ná go bhfaighidh tú litir uainn le rá leat:

- go bhfuairéamar do thuairim, agus
- cibé an bhfuil do thuairim bailí **nó** neamhbhailí.

Céard é an chéad rud eile a dhéanaim más tuairim bhailí é?

Más tuairim bhailí í, ní gá duit aon rud eile a dhéanamh ag an bpointe seo. Má scríobhaimid chugat, iarrtar ort déanamh de réir na dtreoracha nó na comhairle sa litir. Má bhíonn cabhair uait chun déanamh de réir na dtreoracha nó na comhairle, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn. Tabhair **uimhir thagartha an cháis** ar an litir, ionas gur féidir linn do chás a aithint.

Cad a tharlaíonn i gcás tuairim neamhbhailí?

Más tuairim neamhbhailí í, cuirfimid na doiciméid ar ais chugat. Aisíocfaimid do tháille i bhfoirm seic. Ní féidir an tuairim a chur isteach arís ach amháin má chomhlíonann tú gach ceann de na riachtanais reachtúla. Mar shampla, más mian leat an tuairim a thabhairt arís, ní mór duit a bheith cinnte go dtugtar é laistigh den tréimhse chúig seachtaine chun tuairim a thabhairt. Ní ghlacfar le tuairimí déanacha ar chúis ar bith.

Cén fáth gur tuairim neamhbhailí í mo thuairim?

Ní chomhlíonann an tuairim gach ceann de na riachtanais reachtúla a ndéantar cur síos orthu sa treoir seo mar shampla:

- fuarthas é lasmuigh den tréimhse chúig seachtaine a cheadaítear chun tuairim a thabhairt.
- níl an táille €50 istigh leis (ach amháin i gcás comhlachtaí forordaithe).

Cad é an chéad rud eile a dhéanann an Bord Pleanála?

Breithneoidh cigire do thuairim agus gach doiciméad ar cháschomhad an iarratais. De ghnáth, **tabharfaidh siad cuairt ar an láithreán** chun tuilleadh eolais a bhailiú agus grianghraif a ghlacadh dá dtuarascáil. Is féidir go dteastóidh ón cigire féachaint ar an láithreán ó do réadmhaoin. Más amhlaidh atá, beimid i dteagmháil leat chun socruithe a dhéanamh do chuairt láithreáin.

Tar éis an éisteacht ó bhéal a chríochnú, ullmhaíonn an cigire tuarascáil agus moladh don Bhord. Ansin déanfaidh an Bord cinneadh bunaithe ar dhoiciméid uile an cháis.

Cad é an teorainn ama chun iarratais a chinneadh?

Tá cuspóir reachtúil ag an mBord cásanna a chinneadh, más féidir, laistigh de 18 seachtaine. Mura féidir leis an mBord cinneadh a dhéanamh laistigh de 18 seachtaine, scríobhfaimid chuig na rannpháirtithe sa chás chun é sin a chur in iúl dóibh.

I measc na gcúiseanna nach féidir leis an mBord cinneadh a dhéanamh laistigh de 18 seachtaine tá:

- tionóladh éisteacht ó bhéal ar an gcás, nó
- theastaigh tuilleadh faisnéise faoin iarratas.

Nuair a dhéanann an Bord cinneadh, seolfaimid litir agus cóip d'Ordú an Bhoird chugat chun an cinneadh a chur in iúl duit. Gheofar tuilleadh eolais ar chinneadh an Bhoird ar ár suíomh gréasáin.

An féidir liom mo thuairim a aistarraingt?

Is féidir tuairim a aistarraingt uair ar bith sula ndéantar an cinneadh. **Ní mór** duit scríobh chugainn á rá gur mian leat an tuairim a aistarraingt. Ní féidir an táille a aisíoc, faraor.

An mbreithneoidh an Bord mo thuairim má tá an t-iarratas aistarraingthe ag an iarratasóir?

Ní bhreithneoidh. Ní féidir tuairim bhailí a thabhairt i gcás ina bhfuil iarratas aistarraingthe ag an iarratasóir.

Cá háit a bhfaighidh mé tuilleadh eolais ar phróiseas na Forbartha Bonneagair Straitéisigh?

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais inár [Forbairtí Bonneagair Straitéisigh: Do Threoir](#).

Ceisteanna Coitianta

An féidir liom tuairim gan ainm a thabhairt?

Ní féidir. Ní mór ainm agus sloinne iomlán a chur ar fáil le tuairim.

An féidir liom cruthúnas a fháil gur thug mé tuairim?

Is féidir. Má thagann tú chun na hoifige chun an t-tuairim a thabhairt dúinn, tabharfaimid admháil duit go bhfuarthas do thuairim. Ní deimhniú é an admháil seo gur tuairim bhailí í. Is dona linn nach féidir fótachóip a thabhairt duit de do dhoiciméid tuairime agus ár stampa dáta air.

Cén fáth ar tuairim neamhbhailí a bhí ann cé gur cuireadh sa phost in am í?

Is tuairim neamhbhailí í de bhrí nach bhfuaireamar í le linn na tréimhse ceithre seachtaine, cé go bhféadfadh sé gur chuir tú sa phost í in am.

Agus má bhíonn oifig an Bhoird Pleanála dúnta ar an lá deireanach chun tuairimí a fháil?

Má thiteann an lá deireanach den tréimhse chun tuairimí a thabhairt ar dheireadh seachtaine, lá saoire poiblí nó lá eile a ndúnfar an Bord Pleanála, is é an lá is déanaí leis an tuairim a fháil an chéad lá eile a mbeidh an oifig ar oscailt.

Cad a tharlaíonn i gcás tuairim neamhbhailí?

Más tuairim neamhbhailí é, cuirfimid na doiciméid agus an táille ar ais chugat.

Tá an Bord Pleanála tar éis mo thuairim neamhbhailí a chur ar ais chugam. An féidir liom é a chur isteach arís?

Is féidir, ach na riachtanais **uile** atá luaite sa treoir seo a bheith comhlíonta.

An féidir an dlí a chur orm as rud a scríobhaim i mo thuairim?

Is féidir. Níor cheart duit tagairt a dhéanamh ach do shaincheisteanna pleanála a bhaineann le hábhar. Gheofar tuilleadh eolais inár bhfógra maidir le haithisiú. Is ionann aithisiú agus ráiteas bréagach a dhéanamh mar gheall ar dhuine éigin eile a mhilleann a dheachaíl nó a deachaíl.

An féidir an tuairim a chur isteach i bhfoirm facts agus an táille a sheoladh leis an bpost?

Ní féidir. Chun tuairim bhailí a thabhairt, ní mór na doiciméid riachtanacha ar fad maille leis an táille cheart a chur isteach le chéile.

An féidir liom eolas breise a chur ar fáil tar éis mo thuairim a thabhairt?

Ní féidir aon eolas breise a thabhairt dúinn tar éis an tuairim a thabhairt. Uaireanta iarraidimid ar dhaoine tuilleadh eolais a chur ar fáil nó freagairt a thabhairt ar eolas breise a fuarthas. Má dhéantar, ba cheart duit freagra a thabhairt laistigh den tréimhse ama a shonróimid agus níl aon táille bhreise ann don iarratasóir nó d'aon duine a thugann tuairim agus a d'íoc an táille tuairime €50 cheana féin.

An féidir liom taifid na héisteachta béil nó an chruinnithe a tionóladh ar an gcás a fheiceáil nó a cheannach?

Is féidir. Nuair a bheidh cinneadh déanta faoin gcás, féadfaidh tú cóipeanna de thaifid aon chruinnithe a tionóladh ar an gcás a fheiceáil agus a cheannach chomh maith le haon taifead nó athscríbhinní den éisteacht ó bhéal má tionóladh ceann.

Reachtaíocht

Seo iad na dlíthe agus na rialacháin dár tagraíodh sa doiciméad seo:

- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, leasaithe,
- Na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001, leasaithe.

Déan teagmháil linn

Má tá an doiciméad seo uait i bhformáid eile nó má tá eolas eile uait, déan teagmháil leis an mBord Pleanála.

Buail isteach inár n-oifigí ag:	An Bord Pleanála
Scríobh chugainn ag:	64 Sráid Mhaoilbhríde Baile Átha Cliath 1 D01 V902
Cuir glao gutháin orainn ag:	(01) 858 8100 nó Glao áitiúil: 1800 275 175
Ríomhphost:	sids@pleanala.ie
Oscail ár suíomh gréasáin:	www.pleanala.ie
Seol facs chugainn:	(01) 872 2684

An t-eagrán seo: Nollaig 2021